Ábhar: **TREOIR MAIDIR LEIS AN DUALGAS ATÁ AR SCOIL EOLAS LAISTIGH D'IARRATAIS IONTRÁLA A DHEIMHNIÚ** **(Réamhscolaíocht, Bunscolaíocht agus Iar-bhunscolaíocht)**	**Uimhir Chiorcláin:** **2011/20** **Dáta Eisiúna:** **15 Meán Fómhair 2011**
Sprioclucht Léite: • Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach Scoil Dheontaschúnta; • Dílseánaigh na Scoileanna Neamhspleácha; • Boird Oideachais agus Leabharlann; • Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil; • Comhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnachta (CCEA); agus • Foireann Forfheidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna (ESAIT)	**Feasacht Ghobharnóirí:** Riachtanach
Achoimre ar an Ábhar: Is é atá sa Chiorclán seo comhairle le haghaidh príomhoidí agus Bord Gobharnóirí maidir leis an dualgas atá orthu eolas laistigh d'iarratais iontrála a dheimhniú. **Tabhair do d'aire:** Bainfidh tagairtí ar fud an doiciméid seo do na Boird Oideachais agus Leabharlainne (na Boird) ar an bhonn chéanna leis an Údarás Oideachais agus Scileanna (ESA) nuair a bheidh sé bunaithe. Ar fud an Chiorcláin seo, is é is sainmhíniú ar an téarma "tuismitheoir" an té a bhfuil an páiste faoina c(h)úram dlíthiúil. Ar a bharr sin, cuimsíonn an focal "iar-bhunscoil" idir scoileanna gramadaí agus scoileanna eile nach iad agus is ionann FSME agus teidlíocht na mbéilí saora scoile.	**Stádas an Ábhair:** Comhairle le haghaidh Príomhoidí agus Bord Ghobharnóirí **Doiciméid Bhainteacha** Ciorcláin bhliantúla iontrála don réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht **Doiciméid Chealaithe:** Ceann ar bith **Dáta Éaga:** Neamhbhainteach
Fiosrúcháin: Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig: Foireann Rochtana Scoile An Roinn Oideachais Teach Ráth Giall	**Suíomh Gréasáin RO:** www.deni.gov.uk Teil: 028 9127 9557 nó 028 91279290 Facs: 028 9127 9417

Bóthar Bhaile Aodha BEANNCHAR Co. an Dúin BT19 7PR	**Rphost:** schoolaccessteam@deni.gov.uk

TREOIR MAIDIR LE DUALGAS SCOILE EOLAS LAISTIGH D'IARRATAIS IONTRÁLA A DHEIMHNIÚ

Réamhscolaíocht, Bunscolaíocht agus Iar-bhunscolaíocht

Leagtar amach sa treoir seo moltaí na Roinne Oideachais maidir leis an dualgas atá ar scoileanna gach eolas laistigh d'iarratais iontrála a dheimhniú. Tá sonraí sa treoir seo ar na cineálacha freagrachtaí a bhféadfadh sé iad a bheith ar scoileanna agus, i gCuid 2, tá plean gníomhaíochta don phróiseas cinnteoireachta ba cheart a leanúint. Ba cheart ceisteanna ar bith maidir le hábhar na treorach seo a sheoladh chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord iomchuí nó chuig Foireann Rochtana Scoile na Roinne. Rinneadh an treoir a eagrú mar seo a leanas:

CUID 1: AN DUALGAS DEIMHNITHE: CÚLRA AGUS BONNMHÍNIÚ

- Intreoir (Paragraif 1-4);
- Impleachtaí athbhreithniú breithiúnach 2007 (Paragraif 5-6);
- Nuair a bhíonn "dualgas deimhnithe" ar Bhoird Ghobharnóirí (Paragraif 7-12);
- An t-eolas atá le deimhniú (Paragraif 13-15);
- An dóigh le "heolas cáilithe" a dheimhniú (Paragraif 16-18);
- Réimse féideartha dhualgas deimhnithe an Bhoird Ghobharnóirí (Paragraif 19-23);
- Mura gcomhlíonann Bord Gobharnóirí a ndualgas deimhnithe – impleachtaí (Paragraif 24-25);
- Gníomh comhlántach na Roinne Oideachais (Paragraf 26);
- Conclúid (Paragraf 27).

CUID 2: PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LE hAGHAIDH GACH BORD GOBHARNÓIRÍ

CUID 1: AN DUALGAS DEIMHNITHE: CÚLRA AGUS BONNMHÍNIÚ

Intreoir

1. Mínítear sa treoir seo, de thoradh athbhreithniú breithiúnach in 2007, gur cheart do scoileanna atá róshuibscríofa agus atá, dar leo féin, clúdaithe faoi théarmaí an dualgais deimhnithe (féach paragraf 7), eolas laistigh d'iarratais lena gcáilítear daltaí don iontráil a dheimhniú. Ba cheart an deimhniú a dhéanamh roimh dheireadh an phróisis iontrála (i.e. i ndiaidh thairiscint na n-áiteanna), agus de réir na gcéimeanna praiticiúla atá leagtha amach i gCuid 2 den treoir seo, go háirithe, de réir na treorach maidir leis an scoil soláthar na ndoiciméad a bhainistiú laistigh den chlár ama theannta iontrála. Baineann an dualgas deimhnithe go háirithe leis na cineálacha seo a leanas eolais.

2. Maidir le hiontrálacha réamhscolaíochta agus bunscolaíochta, baineann an dualgas deimhnithe le gach cás ina gcáilítear iarratasóir don iontráil as siocair eolas faoin seoladh baile.

3. Maidir le hiontrálacha iar-bhunscolaíochta, baineann an dualgas deimhnithe le gach cás ina gcáilítear iarratasóir don iontráil as siocair eolas faoin seoladh baile, eolas faoi aois an pháiste, eolas i dtaca le clárúchán FSME nó eolas faoi thorthaí scrúdaithe neamhrialaithe. Ba cheart do scoileanna atá ag dul a úsáid critéar iontrála lena dtabharfar tosaíocht do pháistí atá cláraithe faoi FSME, tríd an iontráil s'acu i leabhrán aistrithe an Bhoird, a chinntiú go dtuigeann gach iarratasóir go ndéanfar an t-éileamh ar chlárúchán FSME (chun críche na hiontrála iar-bhunscolaíochta) a dheimhniú. Cuirtear ar chumas Bord Gobharnóirí, leis an fhoirm aistrithe, an dualgas seo a chomhlíonadh, trí oifigeach de chuid an Bhoird éileamh an tuismitheora a dheimhniú.

4. **Cé go bhfuil an treoir seo dírithe go príomha ar ról an eolais a dtugtar breac-chuntas air thuas, baineann prionsabail na treorach chomh maith leis an ról atá ag gach cineál "eolais cáilithe" laistigh den phróiseas iontrála.** Bíonn ról tábhachtach ag gach eolas i dtaca le gaol teaghlaigh mar chuid den phróiseas iontrála nó is minic is incháilithe iarratasóir le haghaidh iontrála mar gheall ar, mar shampla, ghaol sonraithe (m.sh. siblín, mac, iníon, srl.) nó mar gheall ar áit shonraithe sa teaghlach—an rud is coitianta "páiste is sine". Ba cheart go gcinnteodh scoileanna go mbíonn nósanna imeachta stóinsithe i bhfeidhm chun iarratais ina mbíonn a leithéid d'eolas cáilithe a dheimhniú. Má mheasann bunscoileanna go bhfuil sé doiligh nósanna imeachta stóinsithe a

bhunú le haghaidh cineálacha éagsúla d'eolas cáilithe, b'fhéidir gur cheart do Bhoird Ghobharnóirí a mheas cé acu is ceart nó nach ceart leanúint lena leithéid d'eolas a úsáid le cinneadh ar iontráil.

Impleachtaí Athbhreithniú Breithiúnach 2007

5. Dearbhaíodh le hAthbhreithniú Breithiúnach in 2007 go bhfuil dualgas ar Bhoird Ghobharnóirí eolas laistigh d'iarratais iontrála a dheimhniú lena chinntiú go gcuirfear a gcuid critéar iontrála i bhfeidhm i gceart. Seo thíos an comhthéacs ábhartha dlíthiúil don rialú san Athbhreithniú Breithiúnach seo:

   a) Tá de cheangal ar Bhoird Ghobharnóirí, leis an Ord Oideachais, 1997, páistí a roghnú le haghaidh iontrála ar scoil trí chur i bhfeidhm na gcritéar iontrála s'acu;

   b) Tá de cheangal ar Bhinsí Achomhairc, leis an Ord Oideachais, 1997, Bord Gobharnóirí a threorú chun iarratasóir a iontráil má dhealraíonn sé dóibh nár cuireadh critéir iontrála an Bhoird Ghobharnóirí i bhfeidhm i gceart (ach amháin sa chás go ndealraíonn sé nach n-iontrálfaí an t-iarratasóir cibé, go fiú dá gcuirtí na critéir iontrála i bhfeidhm i gceart).

6. Tá fáil ar an bhreithiúnas ó athbhreithniú breithiúnach 2007 ar shuíomh gréasáin RO ag http://www.deni.gov.uk/st cecilia s college - judicial review judgment-3.pdf. Is é an croíphrionsabal a bunaíodh leis seo, i gcúinsí áirithe (agus tá míniú ar na cúinsí seo thíos), mura ndeimhníonn Boird Ghobharnóirí "eolas cáilithe" atá mar chuid d'iarratais, ní féidir a mhaíomh gur chuir na Boird Ghobharnóirí a gcuid critéar iontrála i bhfeidhm i gceart. Fágann sé seo foras suntasach achomhairc d'iarratasóirí ar bith nach n-iontrálann an scoil agus, dá réir, bíonn gá leis na bearta atá molta sa treoir seo.

Nuair a bhíonn dualgas deimhnithe ar Bhoird Ghobharnóirí

7. Mar a dearbhaíodh leis an bhreithiúnas san Athbhreithniú Breithiúnach seo, tá sé de dhualgas ar Bhoird Ghobharnóirí "eolas cáilithe" laistigh d'iarratais don scoil s'acu a dheimhniú más amhlaidh, tráth a bhfuiltear ag cur i bhfeidhm a gcuid critéar iontrála, go bhfuil "**eolas ginearálta acu nó go**

gcreideann siad" go bhfuil fadhb ann maidir le heolas bréagach laistigh d'iarratais. Más rud é ag an phointe seo, agus a leithéid d'eolas nó de chreidiúint ina seilbh acu, nach ndeimhníonn Boird Ghobharnóirí "eolas cáilithe", is amhlaidh go bhfuil foras suntasach le haghaidh achomhairc á chruthú acu do gach iarratasóir a ndiúltaítear dó/di agus is ionann é seo agus séanadh iarbhír an chumais acu bheith ag feidhmiú mar Údarás Iontrála don scoil s'acu.

8. Is léir mar sin gur cinneadh thar a bheith tábhachtach é ag Bord Gobharnóirí cé acu atá "eolas ginearálta acu nó a chreideann siad" go bhfuil fadhb ann maidir le heolas bréagach laistigh d'iarratais. I bhfianaise Athbhreithniú Breithiúnach 2007 agus an clúdach a rinne na meáin air, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ag Bord Gobharnóirí a dhéanann cinntí iontrála trí eolas i dtaca leis an seoladh baile a úsáid, a chinneadh nach bhfuil a leithéid d'eolas nó de chreidiúint acu. Is cinnte go mbeidh sé deacair ag Bord Gobharnóirí a mheas go raibh an t-eolas seo nó an chreidiúint seo acu maidir le hiontrálacha i mblianta roimhe seo, a chur síos anois nach bhfuil an t-eolas nó an chreidiúint seo acu maidir le hiontrálacha amach anseo. Baineann an deacracht seo ní amháin le scoileanna a bhfuil a gcuid critéar iontrála seoladh-bhunaithe féin leagtha síos acu ach le scoileanna eile chomh maith ar cúis ghníomhach buartha dóibh an ceanglas dlíthiúil reatha tosaíocht a thabhairt do gach iarratasóir a chónaíonn sa Tuaisceart (Alt 16(4) den Ord Oideachais, 1997). Tá todhchaí an cheanglais seo á mheas ag an Roinn ach is dlí é i láthair na huaire.

9. **Ba cheart do Bhord Gobharnóirí ar bith in iar-bhunscoil a bheidh ag úsáid critéir lena dtugtar tosaíocht d'iarratasóirí atá cláraithe faoi FSME glacadh leis go bhfuil de dhualgas orthu an t-eolas seo a dheimhniú.** Cuirtear ar chumas Bord Gobharnóirí, leis an fhoirm aistrithe, an dualgas seo a chomhlíonadh, trí oifigeach de chuid an Bhoird éileamh an tuismitheora a dheimhniú.

10. **Ba cheart do Bhord Gobharnóirí ar bith in iar-bhunscoil a bheidh ag úsáid critéir lena dtugtar tosaíocht d'iarratasóirí ar bhonn torthaí scrúdaithe neamhrialaithe glacadh leis go bhfuil de dhualgas orthu an t-eolas seo a dheimhniú.**

11. Bhí an breithiúnas in athbhreithniú breithiúnach 1997 soiléir sa mhéid is go mbunaítear dualgas deimhnithe tráth a gcuireann scoil a cuid critéar iontrála i bhfeidhm. Bainfidh an dualgas deimhnithe le scoileanna a bheidh róshuibscríofa (ní thiocfaidh ann dó i gcás na scoileanna nach

bhfuil róshuibscríofa mar nach mbíonn orthu na critéir iontrála a chur i bhfeidhm) agus a mbeidh "eolas ginearálta nó creidiúint" acu go bhfuil fadhb ann maidir le heolas bréagach laistigh d'iarratais. Ag brath ar an chineál eolais bhréagaigh a bhfuil an scoil in amhras fá dtaobh de, fágfaidh an dualgas deimhnithe go mbeidh ar an scoil an t-eolas sin a dheimhniú i ngach iarratas inar baineadh úsáid as le dalta a iontráil. Is ag an phointe seo amháin a bheidh an dualgas deimhnithe comhlíonta ag scoil, rud a fhágfaidh nach mbeidh aon fhoras achomhairc níos mó ag iarratasóirí diúltaithe.

12. **Tugadh scoileanna dá n-aire, áfach, an riail ghinearálta seo a leanas; má fhaigheann scoil amach, in am ar bith roimh an rollú, go bhfuair iarratasóir áit trí eolas bréagach a úsáid laistigh dá (h)iarratas, ní mór don scoil gníomhú lena chinntiú go bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil atá aici a cuid critéar iontrála a chur i bhfeidhm mar is ceart á comhlíonadh aici.** An gníomh a bheadh le déanamh d'fhonn an oibleagáid seo a chomhlíonadh an áit a tairgeadh go mícheart a tharraingt siar agus í a bhronnadh ar "an chéad iarratasóir eile" de réir chritéir iontrála na scoile. D'fhéadfadh sé go measfadh scoileanna go léireodh a leithéid de theagmhas fadhb níos leithne maidir le heolas bréagach laistigh d'iarratais. Más réasúnach a leithéid de bhreithniú, fágann sé seo, beag beann ar an chéim ag a bhfuiltear sa phróiseas iontrála (i.e. d'fhéadfadh sé seo tarlú ag céim na n-achomharc), go mbeidh ar an scoil gach dá dtig léi a dhéanamh san am atá ar fáil (roimh thús iarbhír na scoilbhliana), chun na hiarratais is gá a dheimhniú a dheimhniú agus chun áiteanna ar bith a tairgeadh go mícheart a tharraingt siar.

An t-eolas atá le deimhniú

13. Ní bhaineann an dualgas deimhnithe ach le heolas laistigh d'iarratas chuig scoil, agus lena bhféadfaí, de réir chritéir fhoilsithe iontrála na scoile, an t-iarratasóir a cháiliú le haghaidh iontrála. Seo a leanas na samplaí is soiléire dá leithéid "d'eolas cáilithe" atá caighdeánach laistigh d'iarratais:

a) **Seoladh baile iarratasóra:** is féidir é seo a úsáid chun iarratasóirí a cháiliú le haghaidh iontrála trí chritéir lena dtugtar tosaíocht do dhaoine a chónaíonn i limistéar sonraithe geografach nó trí chritéar lena dtugtar tosaíocht do na daoine sin a chónaíonn níos cóngaraí don scoil;

b) **Aois páiste:** is féidir é seo a úsáid chun iarratasóirí a cháiliú le haghaidh iontrála trí chritéir lena dtugtar tosaíocht d'iarratasóirí de réir aois an pháiste (mar shampla, "ord croineolaíoch" nó "túsáite don pháiste is sine");

c) **Gaol páiste le duine sonraithe laistigh de chritéir iontrála:** is féidir é seo a úsáid chun iarratasóirí a cháiliú le haghaidh iontrála trí chritéir lena dtugtar tosaíocht d'iarratasóirí más rud é go bhfuil nó go raibh gaolta acu a fhreastalaíonn ar nó a d'fhreastail ar nó a bhfuil baint acu leis an scoil, mar dhaltaí, mar bhaill foirne nó ar Bhord na nGobharnóirí;

d) Eolas a léiríonn go bhfuil "cúinsí speisialta" nó sainriachtanais oideachais ag an pháiste, rud a d'fhágfadh go mbeadh iarratas incháilithe le haghaidh iontrála trí chritéir lena dtabharfaí tosaíocht de réir mar is cuí;

e) I gcás iar-bhunscoile, éileamh iarratasóirí go bhfuil siad **cláraithe leis an Bhord faoi FSME**; agus

f) I gcás iar-bhunscoile, grád nó torthaí feidhmithe iarratasóra i **scrúdú iontrála neamhrialaithe** de chuid na scoile.

14. Is é an ról ríthábhachtach atá go minic ag seoladh baile iarratasóra i gcinntí iontrála ab fhócas le hathbhreithniú breithiúnach 2007. Is dóchúla go bhfeicfear do Bhoird Ghobharnóirí go mbainfidh an dualgas deimhnithe s'acu le heolas maidir le seoladh baile sonraithe an dalta nó, maidir le hiarratais chuig iar-bhunscoileanna, eolas maidir le clárúchán FSME. Má tharlaíonn áfach, tráth a bhfuiltear ag cur i bhfeidhm a gcuid critéar iontrála, go bhfuil "eolas ginearálta nó creidiúint" ag Bord Gobharnóirí go bhfuil fadhb ann maidir le heolas bréagach in (b), (c) nó (d), nó de bhreis air sin, i gcás iar-bhunscoile, (e), beidh de dhualgas orthu chomh maith an t-eolas sin a dheimhniú.

15. Maidir le (f), ba cheart do Bhoird Ghobharnóirí na n-iar-bhunscoileanna sin atá ag úsáid scrúduithe iontrála neamhrialaithe céimeanna a ghlacadh lena chinntiú go gcuirtear a gcuid critéar iontrála acadúil i bhfeidhm ar shlí indeimhnithe don ghrád/toradh a fuair gach iarratasóir sa scrúdú iontrála.

An dóigh le "heolas cáilithe" a dheimhniú

16. **Is é a mholaimidne do scoileanna atá róshuibscríofa le hiarratais, agus dar leo, atá clúdaithe faoi théarmaí an dualgais deimhnithe, gur cheart dóibh eolas laistigh d'iarratais a dheimhniú roimh dheireadh an phróisis iontrála (i.e. i ndiaidh thairiscint na n-áiteanna).** Mar a bhí amhlaidh roimhe, níor cheart deimhniú eolais a dhéanamh ach amháin i gcás an eolais lena gcáileofaí an t-iarratasóir le haghaidh iontrála agus i gcás na n-iarratasóirí sin amháin a cháiligh don iontráil ar bhonn an eolais sin. Ba cheart an deimhniú a dhéanamh de réir na gcéimeanna praiticiúla a dtugtar cur síos orthu i gCuid 2 den treoir seo, agus go háirithe, de réir na treorach maidir le scoileanna bainistiú a dhéanamh ar chur ar fáil na ndoiciméad laistigh den chlár ama theannta iontrála.

17. Fágfaidh an próiseas seo, i gcás na n-iar-bhunscoileanna, gur cheart go gcuirfí san áireamh i ngach foirm aistrithe a fhaightear le linn an phróisis iarratais, más rud é go bhfuil éileamh tuismitheora ar chlárúchán FSME inti, deimhniú ó oifigeach de chuid an Bhoird ar an éileamh sin. Ní gá don iar-bhunscoil gníomhú ach amháin, ar fhoirm Aistrithe iarratasóra, má tá sé léirithe ag oifigeach an Bhoird nach bhfuil iarratasóir a bhfuil éileamh FSME déanta aige/aici ar an fhoirm Aistrithe cláraithe faoi FSME leis an Bhord. Ina leithéid de chásanna, agus roimh chinneadh iontrála a dhéanamh maidir leis an iarratasóir seo, ba cheart don iar-bhunscoil teagmháil a dhéanamh leis an Bhord agus stádas cláraithe FSME an iarratasóra a chinntiú.

18. Do scoileanna go ginearálta, agus i gcás gach cineál eolais cháilithe eile (m.sh. seoladh baile) seo a leanas mar atá an próiseas:

- Cinneann scoileanna atá róshuibscríofa ord rangaithe deiridh na n-iarratasóirí roimh eisiúint na litreacha socrúcháin. Trína dhéanamh seo, is féidir na hiarratasóirí sin a aithint a cháilíonn don iontráil de bhua aoise nó seoladh baile srl;

- Sonraítear go soiléir sa litir socrúcháin, i gcás na n-iarratasóirí sainaitheanta seo, go mbeidh tairiscint na háite faoi réir deimhnithe.

- I gcás iarratasóirí atá i ndiaidh cáiliú do thairiscint áite de bhua seoladh baile nó aoise srl, fágfaidh an deimhniú seo go mbeidh ar an iarratasóir, faoin spriocam iomchuí, doiciméid deimhnithe a chur ar fáil de réir mar a iarrfaidh gach scoil ar leith leis an litir socrúcháin.

- Ní mór **san iomlán íosthréimhse de 4 seachtaine** a thabhairt d'iarratasóirí ó dháta eisiúna iarratas na scoile le go mbeidh siad in ann freagairt don iarratas seo.

- Ba cheart do scoileanna, áfach, **spriocdháta tosaigh** de choicís a thabhairt d'iarratasóirí. Tá tábhacht leis seo, ní amháin chun soláthar pras na ndoiciméad a spreagadh. Beidh scoileanna in ann, ar an dáta seo, a chur in iúl d'iarratasóirí nár sholáthair doiciméid deimhnithe, nach ndéanfar áit a thairiscint dóibh. *Fágfaidh sé seo gur féidir, ag an phointe seo, spriocdháta cothromasach a thabhairt do na hiarratasóirí seo le hachomharc a dhéanamh in éadan an iarratais neamhéirithigh s'acu – laistigh de 10 lá, mar a thugtar do gach iarratasóir.* Is amhlaidh, áfach, go mbeidh **coicís amháin eile** ag na hiarratasóirí bainteacha chun na doiciméid a iarradh a chur ar fáil agus chun an áit a tairgeadh ar dtús dóibh "a fháil ar ais".

- Níor cheart, ach amháin i ndiaidh tréimhse de cheithre seachtaine, an áit a tairgeadh do pháiste a aistarraingt go hiomlán más rud é nár cuireadh doiciméid deimhnithe ar fáil agus ba cheart an áit sin a thairiscint 'don chéad pháiste eile' de réir ord rangaithe na scoile.

Réimse féideartha dhualgas deimhnithe an Bhoird Ghobharnóirí

19. Tá treoir in Iarscríbhinn A den treoir seo ar an dualgas deimhnithe maidir leis na cineálacha doiciméad is féidir a úsáid chun críche an deimhnithe. Is moltaí iad seo atá bunaithe ar chleachtas

reatha i nósanna imeachta ginearálta deimhnithe. Beidh ar na scoileanna féin líon agus cineál na ndoiciméad atá siad a iarraidh a chur in iúl d'iarratasóirí. Ba cheart do gach scoil nach n-úsáideann na modhanna deimhnithe atá molta a chinntiú go bhféadfaí a bhreithniú go mbeifí lán chomh hábalta na modh(anna) atá in úsáid acu a úsáid chun iarratais a dheimhniú agus a bheifí leis na doiciméid atá molta ag an Roinn in Iarscríbhinn A. Tugadh scoileanna dá n-aire, mar shampla, go mbeidh sé d'fhreagracht orthusan an dualgas deimhnithe a stiúradh sna cúinsí eisceachtúla sin nuair nach dtig, ar fháthanna iomlán dlisteanach, na doiciméid "chaighdeánacha" a chur ar fáil (i.e. teaghlaigh den lucht siúil nó daoine atá "idir seoltaí"). Ina leithéid de chásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an scoil teacht ar chomhaontú maidir le modh eile chun na hiarratais a dheimhniú seachas an modh a luadh san iarratas caighdeánach. Beidh ar scoileanna a chinntiú go bhféadfaí a bhreithniú go mbeifí lán chomh hábalta an modh éagsúil deimhnithe seo a úsáid chun iarratais a dheimhniú agus a bheifí leis an mhodh caighdeánach deimhnithe. Má tá aon amhras ar scoil maidir le comhaontú ar mhodh malartach deimhnithe le hiarratasóir, ba cheart di dul i dteagmháil le Oifigeach Aistrithe an Bhoird nó le Foireann Rochtana Scoile na Roinne.

20. I gcás iontrálacha réamhscolaíochta agus bunscolaíochta, d'fhéadfadh sé gur chineál de "eolas cáilithe" í aois an pháiste, agus d'éascófaí a dheimhniú seo trí iarraidh ar an iarratasóir Teastas Breithe a chur ar fáil don pháiste sin.

21. **Bunchóipeanna de na doiciméid:** is faoi gach scoil socrú cé acu a iarrfaidh sí bunchóipeanna nó nach n-iarrfaidh ach is é a mholfadh muidne go láidir go bhféadfadh sé go dtarlódh mí-úsáid nuair atá cóipeanna le soláthar agus gurbh fhearr bunchóipeanna a iarraidh. Molaimid go ndéanfadh scoileanna socruithe le go dtig le hiarratasóirí a gcuid doiciméad a sholáthar go pearsanta don scoil, nó fágfaidh sé seo nach mbeidh fadhbanna ar bith ann maidir leis an scoil bunchóipeanna de dhoiciméid a choinneáil nó a thabhairt ar ais. Chun críoch na gCoistí Achomhairc amach anseo, ba cheart do scoileanna, áfach, cóipeanna a dhéanamh de na doiciméid deimhnithe agus taifead beacht a choinneáil maidir le gach ar sholáthair iarratasóirí d'fhonn a n-iarratas a dheimhniú. Tá sampla léiritheach den dóigh a dtig é seo a dhéanamh faoi iamh in Iarscríbhinn D.

22. **Brúnna:** ní bheidh ar roinnt mhaith scoileanna róshuibscríofa doiciméid a iarraidh agus a fháil ach i ndornán beag de chásanna agus ba cheart gur leor dóibh an méid ama atá ar fáil lena dhéanamh

seo. Beidh ar roinnt scoileanna róshuibscríofa, áfach, soláthar na ndoiciméad a chinntiú i gcás líon mór iarratasóirí. Beidh sé seo amhlaidh i gcás na scoileanna sin a bhfuil critéir iontrála seoladh-bhunaithe mar cheann de na critéir d'ord níos airde acu. Beidh sé amhlaidh go háirithe i gcás na scoileanna sin atá faoi achar réasúnta taisteal ó Dheisceart na hÉireann: De bhua an cheanglais reachtúil atá ar scoileanna tosaíocht iontrála a thabhairt d'iarratasóirí a chónaíonn sa Tuaisceart, is amhlaidh gur critéar seoladh-bhunaithe é an chéad chritéar ag na scoileanna seo. Má chinneann na scoileanna seo go bhfuil dualgas deimhnithe orthu (rud is rí-dhóchúil – nó ba cheart go bhfeicfí dóibh go bhfuil cuid mhaith tréithe i gcoitinne acu le cás na scoile inar bunaíodh an dualgas deimhnithe), beidh orthu na doiciméid a bheith iarrtha agus faighte acu chun seoladh gach iarratasóra éirithigh a dheimhniú. Beidh ar na scoileanna seo a chinntiú go ndéanfar é seo a bhainistiú laistigh de cheithre seachtaine ón dáta faoinar cheart dóibh ord deiridh rangaithe na n-iarratasóirí a bheith cinnte acu roimh eisiúint na litreacha socrúcháin.

23. D'fhéadfadh sé go measfadh scoileanna, ar dhócha go gcuirfear faoi bhrú iad leis an cheanglas seo, go mbeidh siad in ann an próiseas a láimhseáil laistigh de na ceithre seachtaine atá ar fáil. Is dócha, áfach, go mbeadh roinnt scoileanna ar dhócha go gcuirfear faoi bhrú iad ag iarraidh breithniú ar chéimeanna a ghlacadh seachas na céimeanna atá luaite sa phlean gníomhaíochta i gCuid 2. B'fhéidir, go háirithe, go mbeadh na scoileanna seo ag iarraidh na doiciméid seo a iarraidh "go luath" ar na hiarratasóirí sin ar féidir, cé nach bhfuil an próiseas críochnaithe go fóill, a chur síos dóibh gur cinnte go ndéanfar áit a thairiscint dóibh. Ar an dóigh seo, d'fhéadfaí próiseas iarrtha agus soláthraithe líon suntasach doiciméad a reáchtáil ag céim luath, rud a laghdódh an brú ar an tréimhse ceithre seachtaine i ndiaidh eisiúint na litreacha socrúcháin.

Mura gcomhlíonann Bord Gobharnóirí a ndualgas deimhnithe – impleachtaí

24. Ní mór do scoileanna bainistiú gníomhach a dhéanamh ar iarraidh agus ar sholáthar na ndoiciméad deimhnithe lena chinntiú go dtarlóidh an malartú doiciméad a bheidh de dhíth laistigh den am atá ar fáil roimh dheireadh an phróisis iontrála. Ní dócha go gceadóidh an Roinn athrúcháin shealadacha do scoileanna ar baol go sáródh siad an líon iontrála s'acu trí chur chuige i leith an dualgais deimhnithe a roghnú a dtiocfadh ualach doláimhsithe leis nó trí bhainistiú neamhéifeachtach an ualaigh sin. Leoga, d'fhéadfadh sé go gcuirfí ceann amháin nó níos mó de na

smachtbhannaí a gcuirtear síos orthu thíos i bhfeidhm ar na scoileanna sin ar baol go sáródh siad an líon iontrála s'acu ar cheachtar den dá fháth seo.

25. Má fhaigheann an Roinn amach go bhfuil sé de rún ag scoil gan an dualgas deimhnithe a chomhlíonadh (i.e. go bhfuil sé ar intinn ag scoil gan a cuid critéar iontrála a chur i bhfeidhm mar is ceart) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an Roinn feidhm as a cumhacht faoi Alt 101 den Ord Oideachais 1986 agus an scoil a threorú chun a dualgas deimhnithe a chomhlíonadh. De bhreis air seo, más léir go bhfuil teipthe ar scoil a dualgas deimhnithe a chomhlíonadh agus má tá treoir faighte aici ó Choiste Achomhairc achomharcóirí éiritheacha a iontráil, ní mór a chur i gcuimhne go mbreithneoidh an Roinn ar cheann ar bith nó ar gach ceann de na roghanna seo a leanas:

a) Alt 101 d'Ord Oideachais 1986 a úsáid chun an scoil a threorú, go fiú ag an chéim mhall seo, chun a dualgas a chomhlíonadh agus a cuid critéar iontrála a chur i bhfeidhm i gceart (i.e. trí eolas a dheimhniú) agus áiteanna a tugadh do dhaoine a bhfuarthas amach gur thug siad bréageolas a tharraingt siar;

b) Rátáil nialasach chun críche LMS a dhéanamh maidir leis na páistí sin a iontráladh chuig an scoil de bhreis ar líon faofa iontrála na scoile. D'fhéadfadh sé go mbeadh an rátáil nialasach seo i bhfeidhm gach bliain do na páistí a bheith ag freastal ar an scoil;

c) Céimeanna eile a ghlacadh lena chinntiú go ndéantar líonta daltaí sa scoil a choigeartú ar ais chuig an leibhéal ceart chomh luath agus is féidir.

Gníomh comhlántach na Roinne Oideachais

26. Tabharfar foláireamh breise d'iarratasóirí, le réamhnóta ón Roinn ar thosach gach Leabhráin Iontrála de chuid na mBord, go bhféadfadh sé, i gcás iarratais chuig roinnt mhaith scoileanna, go mbeadh ar an iarratasóir ábhair deimhnithe a sholáthar anonn sa phróiseas. Meabhrófar d'iarratasóirí chomh maith, má sholáthraítear eolas bréagach nó míchruinn nó mura soláthraítear eolas faoin spriocdháta atá leagtha síos ag scoileanna, go bhféadfadh sé go ndéanfaí an tairiscint

ar áit a tharraingt siar nó nach mbeifí in ann áit a thairiscint thar cheann aon cheann de na scoileanna atá luaite ar fhoirm iarratais an iarratasóra.

Conclúid

27. Is léir go bhfuiltear i ndiaidh ualach breise a chur ar Bhoird Ghobharnóirí scoile ó dhearbhaigh an t-athbhreithniú breithiúnach in 2007 go bhfuil dualgas deimhnithe orthu maidir le háiteanna a thairgeann siad. Iarracht atá sa treoir seo an t-ualach seo a laghdú agus deimhniú a chorprú mar chuid den phróiseas iontrála go ciallmhar soiléir.

CUID 2: PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LE hAGHAIDH GACH BORD GOBHARNÓIRÍ

Moltar an plean gníomhaíochta seo do gach scoil. Tugadh scoileanna róshuibscríofa a iontrálann a lán iarratasóirí trí fheidhm a bhaint as eolas seoladh-bhunaithe (lena n-áirítear scoileanna róshuibscríofa a bhféadfadh sé go mbeadh siad ag mealladh iarratasóirí ó Dheisceart na hÉireann) dá n-áire go háirithe, áfach, go gcuirfear ceangal orthu leis an treoir seo an t-eolas seoladh-bhunaithe a thugann sciar suntasach dá gcuid iarratasóirí a dheimhniú.

ROIMH BHAIL CHRÍOCH A CHUR AR CHRITÉIR IONTRÁLA D'FHONN A bhFOILSITHE	
Céim 1	Ba cheart do Bhoird Ghobharnóirí ráiteas ginearálta gairid a chur isteach go díreach roimh, nó i ndiaidh a gcuid critéar iontrála, ar aon dul leis seo a leanas: *"Coinníonn Bord na nGobharnóirí an ceart acu féin a leithéid d'fhianaise bhreise a iarraidh is a mheasfaidh siad iomchuí le tacú le heolas nó le heolas a dheimhniú ar Fhoirm Iarratais/Aistrithe iarratasóra ar bith".* Ba cheart fosta a chur ar a súile d'iarratasóirí cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le heolas bréagach a sholáthar. Moltar an fhoclaíocht seo a leanas: *"Má sholáthraítear eolas bréagach nó míchruinn nó mura soláthraítear eolas faoin spriocdháta atá leagtha síos ag scoileanna, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tairiscint ar áit a tharraingt siar nó nach mbeifí in ann áit a thairiscint thar cheann aon cheann de na scoileanna atá luaite ar an Fhoirm Aistrithe/Iarratais."* De bhreis air seo, más rún le Bord Gobharnóirí iar-bhunscoile critéar a úsáid lena dtabharfaí tosaíocht d'iarratasóirí a éilíonn clárúchán FSME, ba cheart dóibh fosta ráiteas a chur isteach a bheadh ag teacht leis seo a leanas: *"Má chuireann tú síos san iarratas s'agat go bhfuil do pháiste cláraithe faoi Theidlíocht na mBéilí Saora Scoile, agus más rud é go gcáilítear don iontráil é/í de bhua an éilimh sin, déanfar an t-eolas sin a dheimhniú. Má fhaightear amach go bhfuil sé seo bréagach, déanfar aon áit a tairgeadh dá thoradh a tharraingt siar."* Níor cheart d'iar-bhunscoileanna a iarraidh go ndéanfadh iarratasóirí doiciméid deimhnithe a cheangal leis an Fhoirm Iarratais. Tagann an dualgas deimhnithe i bhfeidhm tráth a gcuirtear bail chríoch ar an ord rangaithe agus a dhéantar na háiteanna a thairiscint.
ROIMH CHUR I bhFEIDHM NA gCRITÉAR IONTRÁLA	
Céim 2	Ba cheart do Bhoird Ghobharnóirí, sula gcuireann siad a gcuid critéar iontrála i bhfeidhm (mar sin, sa chás amháin go mbeadh siad róshuibscríofa), a chinntiú cé acu atá "eolas

	ginearálta acu nó a chreideann siad" go bhfuil fadhb fhéideartha ann le heolas bréagach (is dóchúla gur seoladh bréagach agus/nó eolas ar aois an pháiste a bheadh i gceist anseo) laistigh d'iarratais. Má shocraíonn siad nach bhfuil a leithéid de "eolas ginearálta nó de chreidiúint" acu, is ionann sin agus cinneadh ag Bord na nGobharnóirí go bhfuil dualgas deimhnithe acu agus ba cheart dóibh dul ar aghaidh chuig Céim 3. Má shocraíonn siad nach bhfuil a leithéid "d'eolas ginearálta nó de chreidiúint" acu nó más rud é nach bhfuil an scoil róshuibscríofa, ní gá do Bhord na nGobharnóirí aon rud eile a dhéanamh (ach aird a bheith acu ar an riail ghinearálta ag deireadh an phlean ghníomhaíochta seo). Más rún le Bord na nGobharnóirí in iar-bhunscoil critéar a úsáid lena dtabharfaí tosaíocht d'iarratasóirí a éilíonn clárúchán FSME, molann an Roinn go nglacfadh siad leis go bhfuil dualgas orthu an chuid seo de na hiarratais a dheimhniú. Ba cheart go mbeadh san áireamh i ngach Foirm Aistrithe a fhaigheann iar-bhunscoil le linn an phróisis iarratais, más rud é go bhfuil éileamh tuismitheora ar chlárúchán FSME inti, deimhniú ó oifigeach de chuid an Bhoird ar an éileamh sin. Ní gá don iar-bhunscoil gníomhú ach amháin, ar fhoirm Aistrithe iarratasóra, má tá sé léirithe ag oifigeach an Bhoird nach bhfuil iarratasóir a bhfuil éileamh FSME déanta aige/aici ar an fhoirm Aistrithe cláraithe faoi FSME leis an Bhord. Ina leithéid de chásanna, agus roimh chinneadh iontrála a dhéanamh maidir leis an iarratasóir seo, ba cheart don iar-bhunscoil teagmháil a dhéanamh leis an Bhord agus stádas cláraithe FSME an iarratasóra a chinntiú.	
I nDIAIDH CHUR I bhFEIDHM NA gCRITEAR IONTRÁLA AGUS NA hIARRATASÓIRÍ A CHUR SAN ORD DEIRIDH RANGAITHE **I gComhthráth...**		
Céim 3	<u>Ag tabhairt le fios gur éirigh le hiarratas</u> Go hiondúil, ag deireadh an phróisis iontrála, scríobhfaidh Bord Gobharnóirí chuig Oifigeach Aistrithe an Bhoird lena chur in iúl dó/di cé na hiarratasóirí a bheidh á n-iontráil acu. Ar fháil an eolais seo don Oifigeach Aistrithe, thig "litreacha socrúcháin" a eisiúint d'iarratasóirí chun torthaí an phróisis iontrála a chur in iúl dóibh. Ba cheart go mbeadh an coinníoll seo a leanas sa litir socrúcháin: *"Mar thoradh ar na nósanna imeachta i dtaca leis an "dualgas deimhnithe" a*	<u>An chéad iarratas ón scoil le haghaidh doiciméad deimhnithe:</u> I gcomhthráth le heisiúint na litreacha socrúcháin, ba cheart don scoil doiciméid deimhnithe a iarraidh ar na hiarratasóirí sin a bhfuil dualgas deimhnithe ar an scoil ina leith. Mar shampla, dá mbreithneodh scoil (faoi Chéim 2) go bhfuil "eolas ginearálta nó creidiúint" aici go bhfuil fadhb ann maidir le heolas bréagach i dtaca le seoltaí baile, d'fhágfadh sé seo gur ghá doiciméid deimhnithe seolta a iarraidh ar gach iarratasóir atá cáilithe go dtí seo faoi choinne iontrála mar gheall ar an seoladh a

	ndéantar tagairt dóibh i dtosach leabhrán iontrála an Bhoird, d'fhéadfadh sé go mbeadh an tairiscint ón scoil ag brath ar tú doiciméid a chur ar fail don scoil le go dtig eolas tábhachtach laistigh den iarratas s'agat a dheimhniú. Léigh go cúramach, más é do thoil é, aon chomhfhreagras eile a chuirfidh an scoil amach ar leithligh agus déan cinnte de go soláthróidh tú na doiciméid a iarrfar roimh an spriocdháta a leagann an scoil síos".	luaigh sé/sí san iarratas. Dá mbreithneodh scoil go mbaineann an fhadhb le heolas mar gheall ar aois an pháiste – ba cheart di doiciméid deimhnithe aoise a iarraidh ar na hiarratasóirí sin a cháiligh don iontráil de bhua an eolais aoise a luaigh siad san iarratas acu. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbíonn an t-iarratas scríofa seo soiléir maidir leis na doiciméid a iarrtar ar na hiarratasóirí a sholáthar, maidir leis an tábhacht atá le
	Ón tráth seo agus mura gcuirfear a mhalairt in iúl amach anseo, glacfaidh na hOifigigh Aistrithe sna Boird leis gur rud críochnúil gach litir socrúcháin.	soláthar na ndoiciméad seo agus maidir le tábhacht na spriocdhátaí a luaitear. Tá teimpléad don litir sin, dá réir, faoi iamh in Iarscríbhinn A.

N.B. Léiríonn an teimpléad in Iarscríbhinn A ceithre phointe thábhachtacha:

A. *I ndiaidh comhairle dlí a lorg, molann an Roinn nár cheart a bhreithniú gur theip ar iarratasóir doiciméid deimhnithe a sholáthar ach amháin más amhlaidh nach bhfuil sé seo déanta laistigh de 4 seachtaine ón dáta ar sheol an scoil an chéad litir chuig an iarratasóir a iarraidh na ndoiciméad, i gcomhthráth, go hiondúil, le heisiúint na litreacha socrúcháin. Is é seo an fáth a molaimid do scoileanna an chéad litir seo a eisiúint chomh luath agus is féidir agus molaimid mar sin, de bhreis air seo, gur cheart go ndéanfaí sa chéad litir, d'fhonn an próiseas a bhainistiú níos fearr, spriocdháta coicíse a thabhairt d'iarratasóirí chun na doiciméid a sholáthar (i.e. coicís i ndiaidh eisiúint na litreacha socrúcháin).*

B. *Ba cheart a chur in iúl d'iarratasóirí go ndéanfar an áit scoile atáthar i ndiaidh a thairiscint dóibh a aistarraingt mura soláthraíonn siad na doiciméid is gá chun an t-iarratas s'acu a dheimhniú laistigh de choicís i ndiaidh eisiúint na litreacha socrúcháin.*

C. *Ba cheart sna litreacha seo agus i ngach aon iarratas le haghaidh doiciméad deimhnithe, bunchóipeanna a iarraidh ar iarratasóirí agus ba cheart go n-iarrfaí orthu iad seo a chur ar fáil don scoil go pearsanta.*

D. *Tá faoi iamh le haghaidh scoileanna sa teimpléad litreach in Iarscríbhinn A moltaí na Roinne maidir leis na cineálacha doiciméad deimhnithe ba cheart dóibh a iarraidh ar iarratasóirí. Is moltaí iad seo atá bunaithe ar dhea-chleachtas reatha ginearálta sna nósanna imeachta deimhnithe. D'fhéadfadh sé gur ghá, áfach, do scoileanna iarratais a dheimhniú trí bheith ag tagairt do dhoiciméid eile nó trí mhodhanna eile: ar fháthanna atá go hiomlán dlisteanach, mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt iarratasóirí in ann na doiciméid áirithe atá luaite in iarratas caighdeánach na scoile a sholáthar. Ba cheart do gach scoil nach n-úsáideann na modhanna deimhnithe atá molta a chinntiú go bhféadfaí a bhreithniú go mbeifí*

	lán chomh hábalta na modh(anna) atá in úsáid acu a úsáid chun iarratais a dheimhniú agus a bheifí leis na doiciméid atá molta ag an Roinn in Iarscríbhinn A.
LEANÚINT LE CEADIARRAIDH NA nDOICIMÉAD	
Céim 4	Maidir le hiarratais a cuireadh chuig iarratasóirí a bhfuil áiteanna ag dul chucu faoi láthair (an dream sin ar cuireadh an litir in Iarscríbhinn A chucu): Más rud é, mar fhreagairt ar an chéad iarratas a rinne an scoil faoi choinne doiciméad deimhnithe, nach bhfuil na doiciméid seo soláthraithe ag iarratasóir laistigh den spriocdháta tosaigh coicíse, is é a mholaimidne gur cheart don scoil scríobh chuig an iarratasóir (agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord iomchuí) lena thabhairt le fios dó/di go bhfuil an áit a tairgeadh roimhe seo á haistarraingt as siocair nár fhreagair an t-iarratasóir d'iarratas na scoile (trí theip an iarratasóra na doiciméid a iarradh a chur ar fáil nó trí dhoiciméid a chur ar fáil nach rabhthas in ann an t-eolas san iarratas a dheimhniú leo) agus lena chur in iúl dó/di go bhfuil cead achomhairc aige/aici in éadan an iarratais neamhéirithigh. Beidh 10 lá ag an iarratasóir chun achomharc a dhéanamh – mar is iondúil i gcás gach iarratasóra arna chur in iúl dó/di nár éirigh lena (h)iarratas. Is é a chuirfear in iúl d'iarratasóirí leis an litir seo, áfach, má éiríonn leo, laistigh de choicís ó dháta na litreach seo, téarmaí iarratas na scoile le haghaidh doiciméad deimhnithe a chomhlíonadh, go ndéanfar an áit a aistarraingíodh a athbhronnadh orthu. Tá teimpléad faoi iamh in Iarscríbhinn B ina bhfaighfear na heochair-eilimintí den litir seo.
IARRAIDH DHEIREANACH NA nDOICIMÉAD ROIMH AN SPRIOCDHÁTA CEITHRE SEACHTAINE	
Céim 5	I ndiaidh do scoileanna an dara litir a eisiúint (in Iarscríbhinn B), beidh orthu a mheas an bhfuil aon ghníomh breise a mbeadh gá leis lena chinntiú go bhfuil iarratas na scoile le haghaidh doiciméad deimhnithe faighte ag iarratasóirí. Ag féachaint do na féidearthachtaí a d'eascródh as seo, thathantódh muid go gníomhach ar scoileanna gach ar féidir leo a dhéanamh, go réasúnach, a dhéanamh le dul i dteagmháil le hiarratasóirí ag an tráth seo.
I nDIAIDH NA DOICIMÉID A FHÁIL LAISTIGH DEN TRÉIMHSE CEITHRE SEACHTAINE	
Céim 6	I ndiaidh don scoil an t-eolas deimhnithe a fháil ó iarratasóirí, ba cheart di a sheiceáil go dtig a chinntiú leis na doiciméid seo go raibh an t-eolas tábhachtach laistigh den iarratas ceart agus gur bronnadh an áit sa scoil mar is ceart. <u>Doiciméid/eolas curtha ar fáil agus áit dearbhaithe</u> Má tá sé seo amhlaidh: (i) chun críoch na gCoistí Achomhairc sa todhchaí, ba cheart do scoileanna cóipeanna a dhéanamh de na doiciméid deimhnithe agus taifead beacht a choinneáil maidir le gach dár cuireadh ar fáil le go bhféadfaí iarratais a dheimhniú; agus (ii) féadtar go measfadh scoileanna gur ghá nó nár ghá scríobh chuig iarratasóirí go

	foirmeálta lena chur in iúl dóibh go bhfuil na coinníollacha comhlíonta acu agus go bhfuil áit acu. <u>Doiciméid/eolas curtha ar fáil agus áit aistarraingthe</u> Mura dtig an t-eolas laistigh d'iarratas an iarrthóra a dheimhniú leis na doiciméid a sholáthraíonn an t-iarratasóir maidir le seoladh baile srl., d'fhéadfadh sé go mbreithneodh scoileanna ar dhoiciméid eile a lorg laistigh den tréimhse 4 seachtaine. Ba cheart do scoileanna céim 4 a leanúint agus an teimpléad litreach in Iarscríbhinn B a chur in oiriúint chun na críche seo. Má tá faighte amach ag scoil, áfach, trí theip an iarratasóra eolas cáilithe a dheimhniú, go raibh eolas falsaithe laistigh den iarratas agus nár cheart an chéad lá go gcáileofaí an t-iarratasóir don iontráil dá thoradh, nó mura bhfuil an Bord in ann éileamh iarratasóra ar chlárúchán FSME a dheimhniú (más bainteach), ba cheart don scoil (tríd an dréachtlitir in Iarscríbhinn C a chur in oiriúint agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord iomchuí) an áit a tairgeadh don iarratasóir a tharraingt siar agus tús a chur leis an phróiseas trína dtairgfí an áit sin don chéad iarratasóir eile (féach Céim 7).
TRÁTH AN SPRIOCDHÁTA CEITHRE SEACHTAINE	
Céim 7	Ag an phointe seo, is é a bheidh déanta ag gach iarratasóir ar iarr an scoil doiciméid orthu: ▪ na doiciméid a bheith soláthraithe acu agus áit dearbhaithe dóibh; ▪ doiciméid a bheith soláthraithe acu nach rabhthas in ann an t-eolas san iarratas a dheimhniú leo. Ba cheart go bhfaigheadh na hiarratasóirí litir anois (a seolfaí cóip di chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord iomchuí) lena ndearbhófaí tarraingt siar na háite a tairgeadh dóibh roimhe seo (Iarscríbhinn C); ▪ gan aon doiciméid a bheith soláthraithe acu. Ba cheart go bhfaigheadh na hiarratasóirí seo litir anois (a seolfaí cóip di chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord iomchuí) lena ndearbhófaí tarraingt siar na háite a tairgeadh dóibh roimhe seo (Iarscríbhinn C). <u>Tairiscintí Malla</u> Is é atá le déanamh anois, mar sin de, na háiteanna atá i ndiaidh a gcurtha ar fáil as siocair aistarraingt na n-áiteanna a bronnadh roimhe seo, a leithdháileadh. Ní mór na háiteanna seo a leithdháileadh ar na chéad iarratasóirí eile de réir chritéir iontrála na scoile. Arís eile (mar a rinneadh i gCéim 3), más iarratasóirí iad seo a bhfuil dualgas deimhnithe ar an scoil ina leith – ní mór don scoil doiciméid deimhnithe a iarraidh orthu. Molaimid do scoileanna an teimpléad in Iarscríbhinn A a chur in oiriúint faoina choinne seo. I gcásanna ina nglactar le tairiscintí malla agus i ndiaidh na riachtanais deimhnithe a chomhlíonadh – ba cheart do scoileanna an tOifigeach Aistrithe sa Bhord Oideachais agus Leabharlann iomchuí a chur ar an eolas maidir leis an iontráil mhall.

	Tugadh scoileanna dá n-aire agus a leithéid de thairiscintí "malla" á dtabhairt acu d'iarratasóirí gur cheart go fóill tréimhse iomlán de 4 seachtaine a chur ar fáil do na hiarratasóirí seo chun na doiciméid deimhnithe a chur ar fáil (mar a mhínítear sa nóta faoi Chéim 3). Go ginearálta, agus chun clabhsúr a chur leis na próisis seo, molaimid go ndéanfadh scoileanna aon tairiscintí malla ina mbíonn gá le doiciméid a sholáthar a bhainistiú go gníomhach agus a chur i gcrích chomh luath agus is féidir.
ACHOMHAIRC AGUS CLABHSÚR	
Céim 9	Má tá scoileanna i ndiaidh cloí leis an chomhairle s'againn maidir le cóipeanna a dhéanamh de na doiciméid a chuireann iarratasóirí ar fáil dóibh, beidh sé tábhachtach go gcoinneodh scoileanna na cóipeanna seo ar eagla go mbeadh siad de dhíth chun críche aon Choiste Achomhairc nó éisteacht Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh sa todhchaí. Ba cheart do gach scoil socrú ar an fhad a choinneoidh siad na páipéir seo sula scriosfar iad de réir a cúinsí aonair féin.
RIAIL GHINEARÁLTA	
In ainneoin an méid atá luaite thuas, má fhaigheann scoil amach, in am ar bith roimh an rollú, go bhfuair iarratasóir áit trí eolas bréagach a úsáid laistigh dá (h)iarratas, ní mór don scoil gníomhú lena chinntiú go bhfuil an oibleagáid dhlíthiúil atá aici a cuid critéar iontrála a chur i bhfeidhm mar is ceart á comhlíonadh aici. An gníomh a bheadh le déanamh d'fhonn an oibleagáid seo a chomhlíonadh an áit a tairgeadh go mícheart a tharraingt siar agus í a bhronnadh ar "an chéad iarratasóir eile" de réir critéir iontrála na scoile. D'fhéadfadh sé go measfadh scoileanna go léireodh a leithéid de theagmhas fadhb níos leithne maidir le heolas bréagach laistigh d'iarratais. Más réasúnach a leithéid de bhreithniú, fágann sé seo, beag beann ar an chéim ag a bhfuiltear sa phróiseas iontrála (i.e. d'fhéadfadh sé seo tarlú ag céim na n-achomharc), go mbeidh ar an scoil gach dá dtig léi a dhéanamh san am atá ar fáil (roimh thús iarbhír na scoilbhliana), chun na hiarratais is gá a dheimhniú tríd an treoir sna céimeanna a bhfuil cur síos orthu thuas a chur in oiriúint.	

Céad litir ó scoil chuig iarratasóirí atá i ndiaidh cáiliú don iontráil, lena iarraidh orthu doiciméid deimhnithe a chur ar fáil (le heisiúint i gcomhthráth le heisiúint na litreacha socrúcháin)

[ní mór dáta a chur léi]

A [ainm], a dhuine uasail,

I ndiaidh duit iarratas a chur isteach thar cheann do pháiste chuig [ainm na scoile], tá Bord na nGobharnóirí i ndiaidh a gcuid critéar iontrála a chur i bhfeidhm agus a shainaithint go gcáilíonn an t-iarratas do pháiste, ag an tráth seo, le haghaidh iontrála. Ciallaíonn sé seo go ndéanfar áit a thairiscint duit ar [ainm na scoile] ach tú freagairt in am trátha don litir seo.

Cáilíodh an t-iarratas s'agat le haghaidh iontrála de bhua do [cuir isteach an cineál eolais cháilithe atá le deimhniú]. Tá mé ag iarraidh ort, mar sin de, doiciméid a sholáthar dúinn lena dtig linn an t-eolas tábhachtach seo laistigh de d'iarratas a dheimhniú.

An bhféadfá, faoin [dhá sheachtain i ndiaidh dháta na litreach seo] teacht chuig [ainm na scoile] go pearsanta le bunchóipeanna de na doiciméid seo a leanas:

[*ba cheart do scoileanna, anseo, na doiciméid is mian leo a iarraidh a roghnú*:

Thig aon cheann de na doiciméid seo a leanas a úsáid le haois an pháiste a dheimhniú:

- *Teastas Breithe an pháiste*
- *litir lena mbronntar Sochar Páiste ar an pháiste nó litir eile a bhaineann leis an sochar seo*
- *Cárta Leighis an pháiste.*

D'fhéadfadh sé, ar bhonn níos ginearálta, go mbeadh gá le ceann de na bundoiciméid seo a leanas chun seoladh baile a dheimhniú [Molann RO go n-iarrfadh scoileanna ar iarratasóirí 2 dhoiciméad a sholáthar chun an seoladh baile a dheimhniú]:

- *ráiteas bainc nó cumainn foirgníochta ar a léirítear an seoladh baile ag a gcónaíonn an páiste;*
- *bille fóntais (mar shampla, leictreachas, gás, Ceadúnas Teilifíse, teileafón) ar a léirítear an seoladh baile ag a gcónaíonn páiste;*

- *litir lena mbronntar Sochar Páiste ar an pháiste nó litir eile a bhaineann leis an sochar seo;*
- *Cárta Leighis an pháiste]*

Tabhair do d'aire gur faoi Bhord na nGobharnóirí atá sé roghnú cé acu a ghlacfaidh siad le doiciméid eile lena mbeifí lán chomh hábalta an t-eolas a dheimhniú nó le modh eile trína mbeifí lán chomh hábalta an t-eolas a dheimhniú. Más amhlaidh, mar sin de, nach mbeidh tú in ann na doiciméid ar leith atá luaite thuas a sholáthar, déan teagmháil leis an scoil [sonraí teagmhála] le teacht ar réiteach maidir le dóigh a dtiocfadh leat d'iarratas a dheimhniú.

Ar fháil na ndoiciméad, déanfaidh an scoil cóip díobh ach ní choinneofar an chóip seo ach amháin go mbeifear réidh leis an phróiseas iontrála (lena n-áirítear Coistí Achomhairc).

Tá sé éigeantach go ndéanfaidh tú na doiciméid seo a sholáthar má táimid le háit a thairiscint do do pháiste ar [ainm na scoile]. De réir an dlí, tá dualgas ar Bhord Gobharnóirí [ainm na scoile] an t-eolas tábhachtach laistigh d'iarratas do pháiste a dheimhniú lena chinntiú go bhfuil a gcuid critéar iontrála curtha i bhfeidhm i gceart acu agus go bhfuil an próiseas iontrála cruinn cothrom. Mura soláthraíonn tú na doiciméid atá iarrtha faoin spriocdháta atá sonraithe thuas, is oth linn a rá go mbeidh orainn an áit atá ag dul faoi láthair do do pháiste a aistarraingt. Mar an gcéanna, mura féidir an t-eolas laistigh de d'iarratas, lenar cáilíodh thú le haghaidh áite ar [ainm na scoile], a dheimhniú leis na doiciméid a chuireann tú ar fáil, déanfar an áit seo a aistarraingt.

Gabhaimid buíochas leat roimh ré as ucht do chomhoibrithe.

Iarscríbhinn B

Teimpléad le haghaidh litir scoile chuig iarratasóirí ar tairgeadh áit dóibh ar scoil ach nár fhreagair céad litir na scoile ag iarraidh doiciméad deimhnithe.

[ní mór dáta a chur léi]

[ba cheart cóip a chur chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord Oideachais agus Leabharlann iomchuí]

A Iarratasóir a dhuine uasail,

Scríobh mé chugat ar [dáta] lena chur in iúl duit go raibh áit le tairiscint do do pháiste ar [ainm na scoile] ach tú an t-iarratas le haghaidh doiciméad lena ndeimhneofaí eolas tábhachtach laistigh d'iarratas do pháiste a chomhlíonadh. Iarradh ort na doiciméid seo a sholáthar faoi [dáta].

Ós rud é nach bhfuil [na doiciméid seo] soláthraithe agat faoin dáta sonraithe, dar le Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] nach ndéanfar áit a thairiscint do do pháiste ar [ainm na scoile]. Ba cheart duit anois dul i dteagmháil le hOifigeach Aistrithe Bhord Oideachais agus Leabharlann [an Bord iomchuí] ar [uimhir theagmhála gutháin] a bheidh in ann eolas faoi scoileanna a bhfuil áiteanna ar fáil iontu a sholáthar duit.

Chuirfeadh Bord Oideachais agus Leabharlann [an Bord cuí] i gcuimhne duit go bhfuil foráil ann le hachomharc a dhéanamh in éadan chinneadh Bhord na nGobharnóirí gan do pháiste a roghnú le haghaidh iontrála.

Ní féidir achomharc a dhéanamh ach amháin ar an fhoras nár chuir Bord na nGobharnóirí i bhfeidhm nó nár chuir siad i bhfeidhm i gceart a gcuid critéar le daltaí a roghnú lena n-iontráil chuig an scoil (na scoileanna), nuair a shocraigh siad gan do pháiste a iontráil. Ní féidir le Coiste Achomhairc seasamh le hachomharc ar aon fhoras eile seachas foras a bhaineann le critéir iontrála na scoile.

Má tá aon eolas de dhíth ort ar nós imeachta na n-achomharc, cuir scairt ar [uimhir theagmhála Chléireach an Choiste Achomhairc/an Oifigigh Aistrithe sa Bhord].

Má tá tú go fóill ag iarraidh achomharc a dhéanamh, ba cheart duit scríobh chuig:

[seoladh Chléireach an Choiste Achomhairc/an Oifigigh Aistrithe sa Bhord].

Ní mór go bhfaighfí fógra achomhairc uait i scríbhinn faoi [dáta i gceann deich lá fhéilire]. Ba cheart a shonrú, más é do thoil é, ainm do pháiste, seoladh, dáta breithe, bunscoil ar fhreastail sé/sí uirthi agus ainm na scoile (na scoileanna) a bhfuil tú ag iarraidh achomharc a dhéanamh ina héadan. Cuirfear sonraí maidir leis an nós imeachta achomhairc ar ais chugat. Mura bhfaigheann tú foirm oifigiúil achomhairc laistigh de 7 lá oibre áfach, déan teagmháil le [uimhir theagmhála an Oifigigh Aistrithe sa Bhord].

Má éiríonn leat, áfach, faoi [taobh istigh de choicís i ndiaidh dháta na litreach], na doiciméid a d'iarr Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] ort ina litir dar dháta [dáta], agus a chuirfear ar a gcumas an t-eolas tábhachtach laistigh de d'iarratas a dheimhniú, beidh Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] go fóill in ann áit a thairiscint duit ar [ainm na scoile]. **Más amhlaidh, mar sin, go bhfuil tú in ann na doiciméid atá iarrtha ag Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] ort a chur ar fáil, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an scoil chun socruithe a dhéanamh i dtaobh chur ar fáil na ndoiciméad seo láithreach.**

Iarscríbhinn C

<u>Teimpléad le haghaidh litir scoile chuig iarratasóirí ar tairgeadh áit dóibh ar scoil ach nár fhreagair/nár chuir doiciméid chuí ar fáil maidir leis an dara hiarratas ón scoil le haghaigh doiciméad deimhnithe.</u>

[ní mór dáta a chur léi]

[ba cheart cóip a chur chuig an Oifigeach Aistrithe sa Bhord Oideachais agus Leabharlann iomchuí]

A Iarratasóir a dhuine uasail,

Scríobh mé chugat ar [dáta] lena chur in iúl duit go raibh áit le tairiscint do do pháiste ar [ainm na scoile] ach tú an t-iarratas le haghaidh doiciméad lena ndeimhneofaí eolas tábhachtach laistigh d'iarratas do pháiste a chomhlíonadh. Iarradh ort na doiciméid seo a sholáthar faoi [dáta].

Lena chois sin, scríobh mé chugat ar [dáta] lena chur in iúl duit go bhfuil sé socraithe ag Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] nach dtairgfear áit do do pháiste ar [ainm na scoile] ar an ábhar nár sholáthair tú [na doiciméid chuí] faoin dáta sonraithe. Cuireadh in iúl duit sa litir seo, fosta, go bhfuil sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in éadan chinneadh Bhord na nGobharnóirí. De bhreis air sin, cuireadh in iúl duit sa litir go dtairgfeadh Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] áit do do pháiste go fóill, ach tú na doiciméid a d'iarr Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] ort a sholáthar faoi [dáta deiridh].

Ó tharla [nár thug tú freagra ar na hiarratais seo/ nár sholáthair tú doiciméid lena dtig an t-eolas atá in iarratas do pháiste a dheimhniú] ní thig le Bord Gobharnóirí [ainm na scoile] anois an áit athbhronnadh ar do pháiste. Ba cheart duit anois dul i dteagmháil le hOifigeach Aistrithe Bhord Oideachais agus Leabharlann [an Bord iomchuí] ar [uimhir theagmhála gutháin] a bheidh in ann eolas faoi scoileanna a bhfuil áiteanna iontu a sholáthar duit.

Iarscríbhinn D

SAMPLA LÉIRITHEACH DE DHÓIGH A bhFÉADFAÍ DEIMHNIÚ EOLAS IARRATASÓRA A THAIFEADADH

Ainm	Dáta Breithe	Ráiteas Bainc	Bille Fóntais	Sochar Páiste	Cárta Leighis	Doic. eile	Deimhnithe ag Príomhoide/BnG
P. de Paor	27/09/98	✓	✓				✓
Páiste	23/10/98	✓				✓ (1)	✓

(1) Litir ó Sheirbhísí Sóisialta